RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/1191 ÓN gCOIMISIÚN

an 19 Iúil 2021

lena ndéantar an formheas ar an tsubstaint ghníomhach clóipirilid a athnuachan i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh, agus lena leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Deireadh Fómhair 2009 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh agus lena n-aisghairtear Treoracha 79/117/CEE agus 91/414/CEE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 20(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Treoir 2006/64/CE ón gCoimisiún ([2]) áirítear clóipirilid mar shubstaint ghníomhach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE ón gComhairle ([3]).

(2) Substaintí gníomhacha a áirítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 91/414/CEE, meastar iad a bheith formheasta faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus liostaítear iad i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún ([4]).

(3) An formheas ar an tsubstaint ghníomhach clóipirilid, mar a leagtar amach i gCuid A den Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011, rachaidh sé in éag an 30 Aibreán 2022.

(4) Cuireadh isteach iarratas ar an bhformheas ar an tsubstaint ghníomhach clóipirilid a athnuachan i gcomhréir le hAirteagal 1 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún ([5]) laistigh den tréimhse dá bhforáiltear san Airteagal sin.

(5) Chuir an t-iarratasóir isteach na sainchomhaid fhorlíontacha a cheanglaítear i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012. Chinn an Ballstát is rapóirtéir an t-iarratas a bheith comhlánaithe ina iomláine.

(6) D'ullmhaigh an Ballstát is rapóirtéir dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan i gcomhairle leis an mBallstát is comhrapóirtéir agus chuir sé faoi bhráid an Údaráis Eorpaigh um Shábháilteacht Bia ("an tÚdarás") í agus faoi bhráid an Choimisiúin í an 31 Bealtaine 2017.

(7) Chuir an tÚdarás an sainchomhad achomair forlíontach ar fáil don phobal. Scaip an tÚdarás an dréacht-tuarascáil maidir le measúnú ar athnuachan ar an iarratasóir agus ar na Ballstáit chomh maith chun barúlacha a fháil uathu agus sheol sé comhairliúchán poiblí ina leith. Rinne an tÚdarás na barúlacha a fuarthas a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún.

(8) An 6 Iúil 2018, chuir an tÚdarás a chonclúid ([6]) in iúl don Choimisiún maidir le cé acu is féidir nó nach féidir coinne a bheith leis go gcomhlíonfaidh clóipirilid na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009. Chuir an Coimisiún tuarascáil athnuachana agus an dréacht-Rialachán maidir le clóipirilid faoi bhráid an Bhuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha an 24 Márta 2021.

([1]) IO L 309, 24.11.2009, lch. 1.

([2]) Treoir 2006/64/CE ón gCoimisiún an 18 Iúil 2006 lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle chun clóipirilid, ciopróidínil, foiseitil agus tríneicseapac a áireamh mar shubstaintí gníomhacha (IO L 206, 27.7.2006, lch. 110).

([3]) Treoir 91/414/CEE ón gComhairle an 15 Iúil 1991 maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh (IO L 230, 19.8.1991, lch. 1).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 ón gCoimisiún an 25 Bealtaine 2011 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le liosta na substaintí gníomhacha formheasta (IO L 153, 11.6.2011, lch. 1).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012 ón gCoimisiún an 18 Meán Fómhair 2012 lena leagtar amach na forálacha is gá chun an nós imeachta athnuachana um shubstaintí gníomhacha a chur chun feidhme, dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le táirgí cosanta plandaí a chur ar an margadh. (IO L 252, 19.9.2012, lch. 26).

([6]) EFSA Journal [Iris EFSA] 2018;16(8):5389. Ar fáil ar líne: www.efsa.europa.eu.

(9) A mhéid a bhaineann leis na critéir chun airíonna réabtha iontálaigh a aithint, critéir a tugadh isteach le Rialachán (AE) 2018/605 ón gCoimisiún ([7]), léiríonn conclúid an Údaráis, bunaithe ar an bhfianaise eolaíoch, gur beag seans gur réabóir iontálaigh í clóipirilid ó tharla nár tugadh faoi deara aon éifeacht thocsaineach ar na faireoga iontálacha. Dá bhrí sin, cinneann an Coimisiún nach ceart a mheas go bhfuil airíonna réabtha iontálaigh ag clóipirilid.

(10) D'iarr an Coimisiún ar an iarratasóir a bharúlacha a chur isteach maidir le conclúid an Údaráis agus, i gcomhréir le hAirteagal 14(1), an tríú fomhír, de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 844/2012, maidir leis an tuarascáil athnuachana. Chuir an t-iarratasóir isteach a bharúlacha maidir leis an dréacht-tuarascáil athnuachana agus rinneadh scrúdú cúramach orthu.

(11) Maidir le húsáid ionadaíoch amháin nó níos mó a bhaintear as táirge cosanta plandaí amháin ar a laghad ina bhfuil clóipirilid, suíodh gur comhlíonadh na critéir formheasa dá bhforáiltear in Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009.

(12) Tá an measúnú riosca chun formheas ar an tsubstaint ghníomhach clóipirilid a athnuachan bunaithe ar úsáidí ionadaíocha mar luibhicídí ar ghránaigh gheimhridh agus ar fhéarthailte. Cé nach gá, i bhfianaise an mheasúnaithe riosca sin, an srian gan úsáid a bhaint aisti ach amháin mar luibhicíd a choinneáil, is gá, áfach, i gcomhréir le hAirteagal 14(1) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 i gcomhar le hAirteagal 6 den Rialachán sin agus i bhfianaise an eolais eolaíoch agus theicniúil reatha, foráil a dhéanamh maidir le coinníollacha agus srianta áirithe. Is iomchuí, go háirithe, faisnéis bhreise deimhniúcháin a éileamh.

(13) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a leasú dá réir.

(14) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/566 ón gCoimisiún ([8]) cuireadh síneadh le tréimhse formheasa na clóipirilide go dtí an 30 Aibreán 2022 chun go bhféadfar an próiseas athnuachana a chur i gcrích sula rachaidh tréimhse formheasa na substainte gníomhaí sin in éag. Mar sin féin, ós rud é go ndearnadh cinneadh maidir leis an athnuachan roimh dhul in éag na tréimhse formheasa sin ar cuireadh síneadh léi, ba cheart tosú ar chur i bhfeidhm an Rialacháin seo tráth níos luaithe ná an dáta sin.

(15) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Formheas ar an tsubstaint ghníomhach a athnuachan

Déantar an formheas ar an tsubstaint ghníomhach clóipirilid a athnuachan mar a leagtar amach in Iarscríbhinn I.

Airteagal 2

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo.

([7]) Rialachán (AE) 2018/605 ón gCoimisiún an 19 Aibreán 2018 lena leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 lena leagtar síos critéir eolaíochta chun airíonna réabtha iontálaigh a chinneadh (IO L 101, 20.4.2018, lch. 33).

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/566 ón gCoimisiún an 30 Márta 2021 lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 a mhéid a bhaineann le síneadh ar thréimhsí formheasa na substaintí gníomhacha abaimeictin, Bacillus subtilis (Cohn 1872) straidhn QST 713, fospeiceas Aizawai de Bacillus thuringiensis straidhn ABTS-1857 agus straidhn GC-91, fospeiceas Israeliensis (séiritíopa H-14) de Bacillus thuringiensis straidhn AM65-52, fospeiceas Kurstaki de Bacillus thuringiensis straidhn ABTS 351, straidhn PB 54, straidhn SA 11, straidhn SA12 agus straidhn EG 2348, Beauveria bassiana straidhn ATCC 74040 agus straidhn GHA, clóidineafop, clóipirilid, Cydia pomonella Granulovirus (CpGV), cipróidinil, déchlórpróp-P, feinpiorocsamáit, foiseitil, meapainipiri, Metarhizium anisopliae (var. anisopliae) straidhn BIPESCO 5/F52, meatconasól, meitrifeanón, pirimicharb, Pseudomonas chlororaphis straidhn MA342, pirimeiteanail, Pythium oligandrum M1, riomsulfúrón, spionasad, Streptomyces K61 (ar a dtugtaí "S. Griseoviridis" roimhe seo), Trichoderma asperellum (ar a dtugtaí "T. Harzianum" roimhe seo) straidhn ICC012, straidhn T25 agus straidhn TV1, Trichoderma atroviride (ar a dtugtaí "T. Harzianum" roimhe seo) straidhn T11, Trichoderma gamsii (ar a dtugtaí "T. Viride" roimhe seo) straidhn ICC080, Trichoderma harzianum straidhn T-22 agus straidhn ITEM 908, tríchlóipir, tríneicseapac, tríthiaconasól agus sioram (IO L 118, 7.4.2021, lch. 1).

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus dáta cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Deireadh Fómhair 2021.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 19 Iúil 2021.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht (1)	Dáta formheasa	Dul in éag an fhormheasa	Forálacha sonracha
Clóipirilid Uimh. CAS: 1702-17-6 Uimh. CIPAC 455	aigéad 3,6-déchlóraipiridín-2-carbocsaileach nó aigéad 3,6-déchlórapicilineach	≥ 950 g/kg	1 Deireadh Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2036	Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le clóipirilid, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi. Sa mheasúnú foriomlán sin, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar an méid seo a leanas: — sonraíocht an ábhair theicniúil mar a mhonaraítear ar bhonn tráchtála; — cosaint na n-oibreoirí agus é á áirithiú go n-áirítear cur i bhfeidhm trealaimh cosanta phearsanta leordhóthanaigh sna coinníollacha úsáide; — iarmhair chlóipirilide a d'fhéadfadh a bheith ann i mbarra uainíochta; — aistriú féideartha iarmhar clóipirilide trí mhúirín nó aoileach ainmhithe ar de thionscnamh limistéir a cóireáladh a mbeatha, chun damáiste do bharra soghabhálacha a sheachaint; — cosaint screamhuiscí atá faoi dhálaí leochaileacha. Áireofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide i gcás inarb iomchuí. Cuirfidh an t-iarratasóir faisnéis deimhniúcháin faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus an Údaráis maidir le tionchar na bpróiseas cóireála uisce ar chineál na n-iarmhar atá in uisce óil. Déanfaidh an t-iarratasóir an fhaisnéis sin a chur isteach laistigh de 2 bhliain tar éis treoirdhoiciméad maidir le measúireacht ar éifeacht próiseas cóireála uisce ar chineál na n-iarmhar atá in uisce dromchla agus i screamhuisce a ghlacadh.

(1) Leis an tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí.

IARSCRÍBHINN II

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 540/2011 mar a leanas:

(1) i gCuid A, scriostar iontráil 129 maidir le clóipirilid;

(2) i gCuid B, cuirtear an iontráil seo a leanas léi:

Uimh.	Gnáthainm, Uimhreacha Aitheantais	Ainm IUPAC	Íonacht [1]	Dáta formheasa	Dul in éag an fhormheasa	Forálacha sonracha
"147	Clóipirilid Uimh. CAS 1702-17-6 Uimh. CIPAC 455	aigéad 3,6-déchlóraipiridín-2-carbocsaileach nó aigéad 3,6-déchlórapicilineach	≥ 950 g/kg	1 Deireadh Fómhair 2021	30 Meán Fómhair 2036	Maidir le cur chun feidhme na bprionsabal aonfhoirmeach dá dtagraítear in Airteagal 29(6) de Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009, cuirfear san áireamh conclúidí na tuarascála athnuachana maidir le clóipirilid, agus go háirithe Foscríbhinní I agus II a ghabhann léi. Sa mheasúnú foriomlán sin, tabharfaidh na Ballstáit aird ar leith ar an méid seo a leanas: — sonraíocht an ábhair theicniúil mar a mhonaraítear ar bhonn tráchtála; — cosaint na n-oibreoirí agus é á áirithiú go n-áirítear cur i bhfeidhm trealaimh cosanta phearsanta leordhóthanaigh sna coinníollacha úsáide; — iarmhair chlóipirilide a d'fhéadfadh a bheith ann i mbarra uainíochta; — aistriú féideartha iarmhar clóipirilide trí mhúirín nó aoileach ainmhithe ar de thionscnamh limistéir a cóireáladh a mbeatha, chun damáiste do bharra soghabhálacha a sheachaint; — cosaint screamhuiscí atá faoi dhálaí leochaileacha. Áireofar bearta maolaithe riosca sna coinníollacha úsáide, i gcás inarb iomchuí. Cuirfidh an t-iarratasóir faisnéis deimhniúcháin faoi bhráid an Choimisiúin, na mBallstát agus an Údaráis maidir le tionchar na bpróiseas cóireála uisce ar chineál na n-iarmhar atá in uisce óil. Déanfaidh an t-iarratasóir an fhaisnéis sin a chur isteach laistigh de 2 bhliain tar éis treoirdhoiciméad maidir le meastóireacht ar éifeacht próiseas cóireála uisce ar chineál na n-iarmhar atá in uisce dromchla agus i screamhuisce a ghlacadh.

[1] Leis an tuarascáil athnuachana soláthraítear mionsonraí breise maidir le haitheantas agus sonraíocht na substainte gníomhaí."